Córas Múirín a chur ar bun

Tráth Bliana

Is féidir seo a dhéanamh tráth ar bith den bhliain ach is tionscadal maith amuigh faoin aer atá ann i rith an gheimhridh.

OIRIÚNACH DO RANG A 3 AR AGHAIDH

Ceangal trasna an Churaclaim

OSIE:	Dúile beo, Feasacht agus Cúram Imshaoil, Iniúchadh / taighde, gréasán an tsaoil.
Dearcealaín:	Comharthaí a dhéanamh / líníocht / grianghraif.
Corpoideachas:	An carnán múirín a iompú, foghlaim ghníomhach.
OSPS:	Mise agus an domhan mór, saoránacht ghníomhach.
Informal Curriculum:	Green Schools Programme, Discover Primary Science.

1

Na hacmhainní is gá

Gabhdán múirín; dramhaíol orgánach; gníomhachtóir (feamainn, buicéad seanmhúirín, aoileach, neantóga nó comfar); páipéar fliuch nó cairtpháipéar fliuch; ceamara.

2

Leidí maithe

- Bíodh roinnt jabanna socraithe a fhéadann na páistí a dhéanamh i ngrúpaí beaga, e.g. duilleoga; féar; bia; cairtpháipéar; páipéar a bhailiú; grianghraif a thógáil, etc.
- Bíodh níos mó ná cineál amháin córais múirín ar bun: gabhdáin plaistigh le haghaidh bia; bosca le haghaidh féir agus dramhaíol on ngairdín; carnán le haghaidh brosna agus adhmaid.
- Beidh níos mó ná gabhdán dramhaíle amháin ag teastáil sa chuid is mó de na scoileanna le haghaidh ábhar dramhaíola bia; is féidir ceann amháin a fhágáil ag déanamh múirín agus an tús a chur leis an dara ceann.
- Sa chás go bhfuil an t-ábhar i ngabhdán ar bith ró-thirim, cuirtear ábhar glas leis nó uisce nó bia leachta.
- Sa chás go bhfuil an t-ábhar i ngabhdán ró-fhliuch, cuirtear ábhar donn leis.
- Seiceáil go bhfuil péisteanna sa ghabhdán - má tharlaíonn nach dtagann tú trasna ar aon cheann, cuirtear aoileach leis an ngabhdán sin nó buicéad múirín as gabhdán eile.
- Úsáidtear píopa draenála mar fheadán aeir d'fhonn aer a ligean aníos i lár an ghabhdáin plaistigh.
- Ná cuirtear plandaí a raibh galar ag dul dóibh, ná plandaí a bhfuil síol déanta acu leis an gcarnán múirín - is féidir iad a chaitheamh ar charnáin bruscair.
- Úsáidtear an múirín a dhéantar sa scoil ar na glasraí, na torthaí agus na bláthanna sa gharraí.

3

Cineálacha gabhdán múirín

Tá oiread cineálacha éagsúla gabhdán múirín ann agus atá de gharraíodóirí sa saol. Is é an príomhrud le tabhairt faoi deara go mbeidh gá ag an scoil le roinnt éigin gabhdán don dramhaíol bia, ó tharla gur féidir ceann a fhágáil ag déanamh múirín agus tús a chur leis an dara ceann. Is iad na péisteanna agus na baictéir a dhéanann go leor den obair i ngach cineál gabhdán múirín. Gabhdáin múirín an phéistlann nach mór péisteanna a chur inti ó tharla gur córas dúnta a bhíonn ann. Ní hionann speiceas don phéist talún agus don phéist múirín agus bíonn an phéist talún ag teacht agus ag imeacht as na carnáin oscailte.

Fás faoi bhia agus ghairneoireacht na hÉireann

Bord Bia
Irish Food Board

Córas Múirín a chur ar bun ar lean.

Sláinte & Sábháilteacht

Bítear cúramach agus carnán múirín á iompú.
Nitear na lámha i gcónaí tar éis obair le múirín.

3

Cineálacha gabhdán múirín

- Gabhdán adhmaid (córas oscailte) – an cineál is saoire, is féidir ceann a cheannach nó ceann a dhéanamh le pailéid nó píosaí adhmaid, is maith an ceann é maidir le dramhaíol an gharraí nó féar a bhaintear.
- Gabhdán plaistigh (leathoscailte) – ar fáil ón údarás áitiúil nó as ionad garraíodóireachta, go maith maidir le dramhaíol bia & páipéar nó cairtpháipéar.
- Cón Glas (córas dúnta) – ar fáil ón údarás áitiúil nó as ionad garraíodóireachta, go maith maidir le dramhaíol bia, bia cócaráilte san áireamh, agus le páipéar agus cairtpháipéar.
- Carnán oscailte (córas oscailte) – saor in aisce agus é go maith maidir le dramhaíol an gharraí nuair a bhíonn toirt ann, mar shampla, maidí, géaga agus féar a baineadh. Go maith freisin maidir leis an bhfiadhúlra a tharraingt.
- An Mhuc Múirín (córas dúnta) – cineál daor go maith, gabhdán inslithe feistithe i bhfráma, déantar múirín go tréan ann agus é oiriúnach maidir le gach cineál dramhaíola bia.
- Péistlann (córas dúnta) - is féidir ceann a dhéanamh nó ceann a cheannach, déantar múirín as gach cineál dramhaíola bia le péisteanna tíogair (éagsúil leis an bpéist talún).

4

Roinnt tionscadal taighde

Matamaitic – An teocht sa ghabhdán múirín ag tráthanna éagsúla den lá, den téarma agus den bhliain a thomhas. Meastachán a dhéanamh maidir lena luaithe a dhéantar múirín d'ábhar dramhaíola bia.

OSIE – Ainmhithe beaga sa ghabhdán múirín a aithint. Gréasán na beatha sa ghabhdán múirín a fhiosrú. Péistlann a dhéanamh taobh istigh. Bealaí chun athchúrsáil a thabhairt ar fhéar bainte a fhiosrú.

An Oidhreacht Áitiúil – Cén t-athrú atá tagtha ar dhéanamh an mhúirín le himeacht aimsire - cad a dhéanadh daoine lena gcuid dramhaíola orgánaí san am atá caite?

Ealaín – Déantar ábhar taispeántais don gharraí nó do chlár fógraí na scoileanna glasa maidir le déanamh an mhúirín ar scoil.

Adhmadóireacht – Déantar gabhdán múirín as cláir adhmaid.

Focail le Fiosrú:

GNÍOMHACHTÓIRÍ MÚIRÍN, LOBHADH, AG DÉANAMH SÍL

Córas Múirín a chur ar bun ar lean.

Sláinte & Sábháilteacht

Bítear cúramach agus carnán múirín á iompú.
Nitear na lámha i gcónaí tar éis obair le múirín.

Rudaí a dhéantar leis an bhféar a bhaintear

- Déantar carnán de le raca agus clúdaítear sin le cairpéad nó píosa dubh plaistigh ar feadh bliana go ndéantar múirín.
- Cuirtear beagán leis an gcarnán múirín.
- Cuirtear cuid de le carnáin d'ábhar garbh.
- Cuirtear móta thart ar sceacha, crainn, toir torthaí.
- Cuirtear móta le ceapacha glasraí le cairtchlár agus féar bainte.
- Déantar baint mhóta agus ligtear don mhóta an féar a chothú go díreach (féach an bhileog maidir le bláthanna fiáine / móinéir / baint).

5

Cad atá i gceist le déanamh múirín

Próiseas nádúrtha bithcheimice atá i gceist le múirín a dhéanamh - lobhadh. Tarlaíonn sé nuair a bhriseann baictéir, fungais, péisteanna agus orgánaigh eile síos dramhaíl orgánach.

Ní mór cúig cinn d'ábhair thábhachtacha i ngabhdán maith múirín:

- Aer
- Uisce
- Ábhar donn
- Ábhar glas
- Gníomhachtóir

6

An t-ábhar is ceart a chur sa múirín

Cuirtear isteach ar a laghad 50% d'ábhar glas (lán le nitrigin - féadann sé an gabhdán a fhágáil fliuch)

Ábhar glas – e.g. féar bainte, fiailí, dramhaíl plandaí, dramhaíl torthaí agus glasra.

Ábhar donn – e.g. málaí tae, páipéar, cairtchlár, tuí agus duilleoga feoite.